

Do chros féin duit, a Dhúilimh

[Brian Ó Cuív, 'A Pilgrim's Poem', *Éigse* 13, 105-9]

Muireadhach Albanach Ó Dálaigh cc.

1 Do chros féin duit, a Dhúilimh,
a ghealbhráighdigh ghormshúiligh,
mo lochta dhuid 'na deaghaidh,
a chorcra bhuig bhairreabhair.

2 A-tá mise, a mhala sheang,
'ga hiomchar dhuit go ndícheall,
dá bhliadhain ar mo dhruim dhi
gan bhuing re fiadhain Féine.

3 An chros-sa tugas óm thigh
chugad, a Íosa aingligh,
feidhm dlighidh is ní dochar
dot fhilidh a hiomachar.

4 Gníomh dá ndearnsamar dhi-se
ní héidir a innise,
tuigidh féin an fear 'sa chros
gidh beadh dá réir do-rónas.

5 Tángamar tar thrí maraibh
go Muir dToirrian dtonnchladhaigh
ó chuan Éireann ar n-athchur,
a stuagh mhéirshliom mhalachdhubh.

6 Ó do chuireas an gcrois n-óir,
a Dhé Athar, ar h'altóir,
tabhair brat dualach dhamh-sa,
a shlat bhuaadhach bharrcham-sa.

7 An sclaimhín úr-sa, a Athair,
tugas ód chéibh chlaonscathaigh;
imtheacht leis, a Choimdhe, is cáir,
gurab feis choimhdhe is chonáigh.

8 Ní scing ní hionar ní heach
chuinghim ar do chúl ndruimneach,
ní léine do mhaothshról mhín;
ní claochlódh scéimhe an sclaimhín.

9 Béara-sa leat luach h'éadaigh -
moladh do chúil chaoimhghéagaidh -
an gcéin bheas an chalann chriadh

agus mh'anam ar aoinrian.

10 An gcéin bhus lámh an lámh-sa
is budh corp an corpán-sa
do réir do bhreath biaidh an lámh
go ndeach fá chriaidh an corpán.

11 An corpán truagh a-tá sunn,
a Mheic na hÓighe, a anam,
- anchroidhe sochaidhe sin-
'na chrochaire don Choimdhidh.

12 An ceann-sa cuirfead-sa id chuing
is an lámh-sa id bhais mbarrchuirr,
mo chos dod réir tuig dod thigh,
do chros féin duid, a Dhúilimh.